

**Lárionad Aistriúchán
Litríochta agus Cultúr
Choláiste na Tríonóide**

**Lárionad Aistriúchán
Litríochta agus Cultúr
Choláiste na Tríonóide**

Plean Straitéiseach 2017-2022



Misean

Déanann Lárionad Aistriúchán Litríochta agus Cultúr Choláiste na Tríonóide aistriúchán litríochta agus cultúir ó Bhéarla go Gaeilge agus ó Ghaeilge go Béarla, chomh maith le gach teanga eile de chuid na hÉireann a fhorbairt agus a chur chun cinn agus tacaítear leis trí oideachas, foilsiú agus comhpháirtíocht. Tá aistriúchán litríochta agus cultúir ag croílár a mhisin mar go dtéann sé i ngleic le gach staid den phróiseas aistriúcháin, cuireann oiliúint ar aistritheoirí agus cuireann acmhainní agus deiseanna ar fáil d'aistritheoirí agus do thaighdeoirí bunaithe. Tacaíonn an Lárionad le haistritheoirí litríochta agus cultúir mar chleachtóirí cruthaitheacha a nascann teangacha agus cultúir an domhain.

Fís

Chun béim a leagan ar an ríthábhacht atá le haistriúchán litríochta agus cultúir; chun bonn agus tacaíocht a chur ar fáil d'aistritheoirí litríochta agus cultúir agus do thaighdeoirí de gach staid gairmréime a thagann ar cuairt; chun lucht spéise nua a chothú do ghníomhaíochtaí for-rochtana; chun comhpháirtíochtaí a fhorbairt le gníomhaireachtaí, ionaid, féilte agus féilte leabhair cultúrtha náisiúnta agus idirnáisiúnta; chun tacar acmhainní ar líne a chruthú; chun comhpháirtíochtaí comhoibríocha a bhunú le scoileanna, leabharlanna agus le pobail mhionteanga in Éirinn.

Réamhrá

Ag seoladh Lárionad Aistriúchán Litríochta agus Cultúr Choláiste na Tríonóide i mí Aibreáin 2012, dúirt Séamus Heaney go raibh sé faoi chomaoin agus go raibh sé buíoch dá chuid aistritheoirí as lucht spéise nua a chruthú i dtíortha eile; d'fháiltigh sé roimh bhunú Lárionad Aistriúchán Litríochta agus Cultúr Choláiste na Tríonóide, ag gealladh do na haíonna a bhí i láthair go gcuirfeadh an Lárionad go mór le gnóthachtáil an aistriúcháin litríochta agus chultúir in Éirinn; labhair sé ar an tábhacht a bhain leis an tráth sin i stair na ndaonnachtaí i gColáiste na Tríonóide.

Tá an Lárionad ar an gcéad cheann dá leithéid in Éirinn. Déanann sé an t-aistriúchán litríochta agus cultúir a chothú agus a chur chun cinn, agus trí sin a dhéanamh, cuirtear an chuid is fearr den litríocht idirnáisiúnta ar fáil do léitheoirí in Éirinn agus an chuid is fearr de litríocht na hÉireann ar fáil do léitheoirí ar fud an domhain. Cuirtear oiliúint ar aistritheoirí litríochta an todhchaí sa Lárionad agus tugtar deiseanna dóibh aithne a chur ar líonra aistritheoirí, foilsitheoirí, údar, léitheoirí agus díoltóirí leabhar in Éirinn agus timpeall an domhain mhóir. Tugtar an saineolas atá ag leithéidí an *Dalkey Archive Press*, Litríocht Éireann agus Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr (TCD) le chéile sa Lárionad.

Is é an rud is suntasaí fúinne anseo in Éirinn agus ar fud an domhain go deimhin ná an áit atá againn i gcoilár ollscoile atá chun tosaigh agus an comhoibriú atá idir an trí chomhpháirtí atá againn. Léiríonn an cinneadh a rinneadh an trí chomhpháirtí sin a chur i dteach cathrach álainn Seoirseach, a athchóiríodh chun na críche sin, misean Choláiste na Tríonóide maidir le bheith rannpháirteach i gcleachtas cultúir agus caidrimh a bhunú le hinstitiúidí cultúir.

Tá cuid mhaith d'obair Litríocht Éireann dírithe lasmuigh den tír – déantar na teidil a dtacaítear leo trína chlár deontais aistriúcháin a fhoilsiú thar lear; bíonn na féilte leabhair ar a bhfreastalaítear ar siúl i gcríocha eile, bíonn na haistritheoirí a gcuirtear tacaíochtaí ar fáil dóibh ag cur fúthu in áiteanna eile den chuid is mó;

scaiptear a chuid foilseachán go príomha i dtíortha eile seachas in Éirinn. Tá sé tiomanta do thacaíocht a chur ar fáil d'aistritheoirí litríochta, agus bíonn sé gníomhach ó thaobh aistritheoirí litríochta cónaithe a óstáil agus a chómhaoiniú sa Lárionad.

Tá tábhacht straitéiseach ag baint leis an Lárionad don Scoil agus do Choláiste na Tríonóide maidir lena fhor-rochtain domhanda. Feidhmíonn sé mar a bheadh éadan siopa ann don Scoil agus don Choláiste araon. Cuireann sé ar chumas na scoile breathnú amach trí bhealaí nua, agus caidrimh nua a fhorbairt le hionaid i gColáiste na Tríonóide a bhfuil baint acu le staidéar ar mhalartú teangacha agus litríochtaí; le hionaid i gColáiste na Tríonóide a bhfuil baint acu leis an gcleachtas cruthaitheach agus le

gníomhaireachtaí cultúir náisiúnta agus idirnáisiúnta atá rannpháirteach in ábhar cultúir a tháirgeadh agus a scaipeadh; agus le scríbhneoirí, aistritheoirí agus foilsitheoirí agus le hionaid agus institiúidí aistriúcháin litríochta eile.

Tríd is tríd, cuireann an Lárionad luach breise ar fáil dá chomhpháirtithe trí:

- cháil, gníomhaíocht, infheictheacht agus nascacht a fheabhsú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, trí líonra caidreamh a chruthú le haistritheoirí, foilsitheoirí, údair, léitheoirí agus lucht díolta leabhar ar fud na cruinne.
- thacaíocht fhrithpháirteach a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara i ndáil le saothair litríochta a bhfuiltear i mbun a n-aistrithe a fhoilsiú, a chur chun cinn agus a mhargú.
- mhic léinn den chéad scoth ó gach cearn den domhan a mhealladh le tabhairt faoi chlár iarchéime agus chlár taighde lena bhféadfadh deiseanna oiliúna agus intéirneachta a bheith i gceist.
- lárionad a chruthú a nascaídh mic léinn, cleachtóirí cultúir agus

ionadaithe ó na tionscail chruthaitheachta in Éirinn.

- ócáidí ceiliúrtha iomráiteacha aistriúcháin litríochta idirnáisiúnta a óstáil ina mbeidh léamha, seimineáir, díospóireachtaí poiblí, féilte, seoltaí agus comhdhálacha rochtain ar chartlann aistriúcháin Litríocht Éireann a thabhairt don phobal.
- phobal a chruthú d'aistritheoirí ar cuairt agus d'aistritheoirí cónaithe arna n-óstáil ag Litríocht Éireann.

Déanfar na gnéithe éagsúla seo ar fad dár n-aitheantas uathúil a fhorbairt agus a fheabhsú mar thoradh ar an bplean straitéiseach seo. Tá an plean dírithe ar thrí phríomhspríoc a chur i bhfeidhm agus ar an mbealach a mbainfear amach iad sna cúig bliana atá romhainn. Tá trí spríoc chumasaithe ann chun tacú leo. Beidh na spríocanna sin mar bhonn agus mar thaca chun na cuspóirí éagsúla a sheachadadh. Déanfaidh tagarmharc dearbhaithe cáilíochta a n-éifeachtacht a mheas. Cuimsítear méadracht na gníomhaíochta agus na n-aschur don bhliain acadúil 2016–17 sa tagarmharc ar a ndéanfar na spríocanna a mheas.

Achoimre ar na Spriocanna Straitéiseacha 2017–2022

Príomhspríoc 1: Oideachas

Taighde ar an aistriúchán litríochta a chur chun cinn agus feasacht phoiblí ar shaothair aistrithe a ardú; teacht a bheith ag an gcuid eile den domhan ar Éirinn agus cultúr na hÉireann a chur ar fáil do lucht léitheoireachta domhanda

Príomhspríoc 2: Foilsiú

Gníomhaíocht agus infheictheacht aistritheoirí, ábhar aistrithe agus taighde ar an aistriúchán a mhéadú

Príomhspríoc 3: Caidreamh

Tacú le malartú cultúrtha go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus eispéireas ar ardchaighdeán a chur ar fáil do lucht spéise nua agus do lucht spéise atá ann cheana.

Tagarmharc: Caighdeán

Síormhachnamh a dhéanamh ar an mbealach a mbainfimid ár spriocanna straitéiseacha amach

Spríoc Chumasaithe 1: Bonneagar

Struchtúr láidir foirne a chruthú

Spríoc Chumasaithe 2: Inbhuanaitheacht

Sláine fhadtéarmach airgeadais an lárionaid a chinntiú

Spríoc Chumasaithe 3: Cumarsáid

Straitéis meán sóisialta agus for-rochtana éifeachtach a bhunú

Príomhspríoc 1: Oideachas

Taighde ar an aistriúchán litríochta a chur chun cinn agus feachtas poiblí ar shaothair aistrithe a ardú; teacht a bheith ag an gcuid eile den domhan ar Éirinn agus cultúr na hÉireann a chur ar fáil do lucht léitheoireachta domhanda

Cuspóirí	Gníomhartha / Bealaí chun Rath a Mheas	Rioscaí / Dúshláin
<p>1.1 Imeachtaí for-rochtana ar an aistriúchán litríochta a óstáil</p> <ul style="list-style-type: none"> Imeachtaí bliantúla rialta a eagrú a chuirfear ar fhéilire an Lárionaid. Imeachtaí a bhfuil tionchar ag na mic léinn orthu a eagrú uair nó dhó in aghaidh an téarma. Imeachtaí míosúla a eagrú. Díriú go gníomhach ar lucht spéise ó oiread cúlraí agus aoisghrúpaí éagsúla agus is féidir. 	<p>1.1:1 Dhá imeacht ardhphróifíle in aghaidh na bliana féilire.</p> <p>1.1:2 Caighdeán, réimse agus líon na seoltaí leabhair, léamha litríochta, léachtaí poiblí, ceardlann agus comórtas beo aistriúcháin.</p> <p>1.1:3 Líon na gcuariteoirí agus an méid rannpháirtíochta ó chuariteoirí in aghaidh na bliana a mhéadú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Sláine an chláir a chothabháil. Cothromaíocht ionadaíochta maidir le cultúir, téamaí agus leagan amach na n-imeachtaí a chothabháil. Maoiniú leordhóthanach a aimsiú.
<p>1.2 Imeachtaí speisialtóra ar an aistriúchán litríochta a óstáil</p>	<p>1.2:1 Comhdháil nó ceardlann idirnáisiúnta amháin in aghaidh na bliana féilire.</p> <p>1.2:2 Foilseachán a eascróidh as 1.2.1.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Maoiniú leordhóthanach a aimsiú. Spreagchainteoirí ardhphróifíle a mhealladh.
<p>1.3 Oideachas agus saol na hoibre a nascadh</p> <ul style="list-style-type: none"> Na mic léinn a bheith páirteach i ndualgais sainléitheora agus measúnú fiúntais a thuairisciú. Cuireadh a thabhairt do mhic léinn a bheith ar an deasc fáiltithe le linn féilte leabhar. Na mic léinn a bheith páirteach in imeachtaí a eagrú. Cuireadh a thabhairt go rialta d'aíonna chun labhairt leis na mic léinn. 	<p>1.3:1 Líon na ndeiseanna ar intéirneacht/agus ar obair ócáideach a chuirtear ar fáil do mhic léinn ar an Máistir Fealsúnachta san Aistriúchán Litríochta a mhéadú.</p> <p>1.3:2 An líon cruinnithe a bhíonn ag aistritheoirí ar cuairt agus daoine a bhfuil baint acu le cúrsaí foilsitheoireachta le mic léinn atá ar freastal ar an Máistir Fealsúnachta san Aistriúchán Litríochta a mhéadú.</p> <p>1.3:3 An líon imeachtaí ar a bhfuil tionchar ag na mic léinn atá ag freastal ar an Máistir Fealsúnachta san Aistriúchán Litríochta a mhéadú.</p>	

1.4**Líonra de thaighdeoirí
comhcheangailte a
fhorbairt****1.4:1**

Líon na gcomhlach taighde, taighdeoirí
iarchéime, iardhochtúireachtaí agus
aistritheoirí ar cuairt a mhéadú.

1.4:3

An liosta seoltaí a mhéadú i gcónaí.

- Aschuir thaighde atá ar
ardchaighdeán a chinntiú
in ionad cainníochta.

Cuspóirí	Gníomhartha / Bealaí chun Rath a Mheas	Rioscaí / Dúshláin
<p>2.1 <i>Dalkey Archive Press:</i> aistriúcháin go Béarla a fhoilsiú.</p>	<p>2.1:1 Aistriúcháin i mBéarla a fhoilsiú</p>	<p>Ní bheidh aon tionchar ar ghníomhaíocht, infheictheacht ná cáil an Lárionaid.</p>
<p>2.2 Litríocht Éireann: litríocht na hÉireann a chur chun cinn thar lear, san aistriúchán ach go háirithe; rith cló New Writing from Ireland a mhéadú.</p>	<p>2.2:1 Tacaíocht a thabhairt do líon níos mó aistriúcháin.</p> <p>2.2:2 Dáileadh níos mó ar an gcatalóg in Éirinn agus thar lear.</p>	<p>Ní bheidh aon tionchar ar ghníomhaíocht, infheictheacht ná cáil an Lárionaid.</p>
<p>2.3 An fhoireann i Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr: saothair litríochta a aistriú ó Bhéarla nó go Béarla; taighde a dhéanamh ar theoiric agus ar chleachtas an aistriúcháin.</p>	<p>2.3.1 Líon, próifíl agus caighdeán na bhfoilseachán agus aschuir thaighde eile de chuid fhoireann na Scoile maidir leis an aistriúchán litríochta.</p>	<p>Ní bheidh aon tionchar ar ghníomhaíocht, infheictheacht ná cáil an Lárionaid.</p>
<p>2.4 Lárionad Aistriúchán Litríochta agus Cultúr Choláiste na Tríonóide (TCLCT): obair an Lárionaid agus a thrí chomhpháirtithe a chur os comhair an phobail.</p>	<p>2.4:1 Foilseachán amháin in aghaidh na bliana a bheidh dírithe ar lucht léitheoireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Sáraíonn costas d'acmhainní an Lárionaid tairbhí an Lárionaid. • Róbhrú ar phearsanra.

Príomhspríoc 3: Caidreamh

Tacú le malartú cultúrtha go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus eispéireas ar ardchaighdeán a chur ar fáil do lucht spéise nua agus don lucht spéise atá ann cheana féin.

Cuspóirí	Gníomhartha / Bealaí chun Rath a Mheas	Rioscaí / Dúshláin
<p>3.1</p> <p>Lucht spéise nua a aimsiú agus a chothú</p> <ul style="list-style-type: none"> A bheith oscailte agus freagrúil i ndáil le hiarratais a fhaightear ar sheirbhísí ó lucht spéise nua. Grúpaí sainspéise a aithint: grúpaí mionteanga in Éirinn; scoileanna; céimithe de chuid Choláiste na Tríonóide; Ambasáidí ... Comhpháirtíochtaí a bhunú le ceannairí ar phríomhgrúpaí chun taighde a dhéanamh ar a gcuid ionchas agus riachtanas. Feasacht phoiblí ar an aistriúchán a ardú ag gach leibhéal. 	<p>3.1:1</p> <p>Naisc níos struchtúrtha agus níos fairsinge le lucht spéise sainaitheanta.</p> <p>3.1:2</p> <p>Spríocgrúpaí a shainaitheint ar bhonn bliantúil.</p> <p>3.1:3</p> <p>Imeachtaí comhpháirtíochta/imeachtaí a ndéantar a óstáil in éineacht a mhéadú.</p> <p>3.1:4</p> <p>Líon na gcomhpháirtithe nua ó réimsí éagsúla earnálacha a mhéadú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Easpa acmhainní. Easpa pearsanra.
<p>3.2</p> <p>Caidrimh oibre a shainaitheint agus a fhorbairt le:</p> <ul style="list-style-type: none"> Comhpháirtithe tábhachtacha náisiúnta agus idirnáisiúnta. Eagraíochtaí a d'fhéadfadh imeachtaí a chruthú lasmuigh de Bhaile Átha Cliath a éascú. Gníomhaireachtaí cultúir idirnáisiúnta, lucht eagraithe féilte, díoltóirí leabhar, foilsitheoirí atá lonnaithe in Éirinn. Gníomhaireachtaí neamhrialtasacha, grúpaí pobail agus grúpaí sainleasa i sochaí na hÉireann. Réimsí de chuid Choláiste na Tríonóide atá rannpháirteach in oiliúint a chur ar chleachtóirí cultúir agus a bhíonn ag déanamh taighde ar an gcleachtas cruthaitheach. Aistritheoirí/taighdeoirí ar cuairt. Tionscnaimh i ndáil leis an gcleachtas cruthaitheach i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. 	<p>3.2:1</p> <p>Líon na gcomhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta a mhéadú.</p> <p>3.2:2</p> <p>Líon na n-aistritheoirí agus na scríbhneoirí atá ag clárú do scéim na gComhlach a mhéadú.</p> <p>3.2:3</p> <p>Líon na n-imeachtaí a ndéantar a óstáil in éineacht a mhéadú.</p> <p>3.2:4</p> <p>Teagmháil le scríbhneoirí agus le haistritheoirí (idirnáisiúnta) atá ag teacht ar cuairt go hÉirinn ar bhonn gairmiúil a mhéadú.</p> <p>3.2:5</p> <p>Comhaontú dlúth le comhlaigh chun bainistíocht a dhéanamh ar na hionchais atá ann maidir le húsáid seirbhísí/áiseanna/imeachtaí a óstáil.</p> <p>3.2:6</p> <p>An caidreamh le T-Jolt agus leis an Máistir Fealsúnachta sa Scríbhneoireacht Chruthaitheach a dhaingniú.</p>	<ul style="list-style-type: none"> Easpa pearsanra.
<p>3.3</p> <p>Muid féin a fhorbairt mar phobal d'aistritheoirí ar cuairt.</p>	<p>3.3:1</p> <p>Aistritheoirí litríochta cónaithe a óstáil ar bhonn bliantúil.</p> <p>3.3:2</p>	

- Pobal tarraingteach a chur ar fáil d'aistritheoirí litríochta idirnáisiúnta de gach staid gairmréime.
- Pobal tarraingteach a chur ar fáil do thaighdeoirí idirnáisiúnta san aistriúchán litríochta.

loistas ar an gcampas agus spás oibre a chur ar fáil d'aistritheoirí ar cuairt.

3.3:3

Líon na Máistrí Fealsúnachta, taighdeoirí iarchéime, iardhochtúireachtaí agus comhaltaí taighde ar cuairt a mhéadú.

Tagarmharc: Caighdeán

Síormhachnamh a dhéanamh ar chaighdeán

Cuspóirí	Gníomhartha / Bealaí chun Rath a Mheas	Rioscaí / Dúshláin
<p>4.1</p> <p>Timpeallacht fháilteach a chruthú do chuairoteoirí</p>	<p>4.1:1</p> <p>Beartas maidir le fáilte a chur roimh dhaoine a chur i bhfeidhm.</p> <p>4.1:2</p> <p>Nós imeachta a chur i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar na patrúin a bhaineann le cuairteanna aonuaire agus le cúirteanna leantacha.</p> <p>4.1:3</p> <p>Cuireadh a thabhairt do chuairoteoirí a gcuid tuairimí agus smaointe a thabhairt.</p>	<p>Ní bhfuarthas aon aiseolas.</p>
<p>4.2</p> <p>Córas meastóireachta inmheánach a bhunú do phríomhchláir roghnaithe</p>	<p>4.2:1</p> <p>Meastóireacht a bheith mar chuid den phróiseas pleanála gnó.</p> <p>4.2:2</p> <p>Critéir a leagan amach chun cláir/imeachtaí a mheas.</p>	
<p>4.3</p> <p>A chinntiú go mbeidh rialachas, pleanáil, bainistíocht airgeadais agus oibríochtaí an Lárionaid ag teacht leis an dea-chleachtas agus go bhfuil siad sách láidir chun fabhrú le pearsanra nua agus le hathruithe i gceannaireacht</p>	<p>4.3:1</p> <p>Liosta beartas a bhunú agus leanúint lena bhforbairt de réir mar a aontaítear.</p> <p>4.3:2</p> <p>Athbhreithnithe inmheánacha bliantúla ar nósanna imeachta agus ar thagarmharcanna</p>	<p>Comhlíonadh neamhréireach beartas.</p>
<p>4.4</p> <p>Rochtain fhíorúil ar an Lárionad a fhorbairt trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht agus as na meáin; inrochtaineacht ár ngníomhaíochtaí for-rochtana a chur chun cinn</p>	<p>4.4:1</p> <p>Beartas rochtana comhaontaithe.</p> <p>4.4:2</p> <p>An úsáid a bhaintear as na meáin agus as teicneolaíocht chun rochtain a chur ar fáil a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom go dáta go leanúnach.</p>	

Spríoc Chumasaithe 1: Bonneagar

Struchtúr láidir foirne a chruthú

Cuspóirí	Gníomhartha / Bealaí chun Rath a Mheas	Rioscaí / Dúshláin
5.1 Comhoibriú idir eagraíochtaí comhpháirtíochta a fhorbairt	5.1:1 Cruinnithe foirne rialta.	Cumarsáid a dhéanamh, le páirtithe leasmhara ach go háirithe.
	5.1:2 Imeachtaí rialta eagraithe i gcomhpháirt.	
	5.1:3 Féilirí agus straitéisí sioncronaithe.	
5.2 Mic léinn, aistritheoirí agus taighdeoirí a chur i mbun gníomhaíochtaí an Lárionaid	5.2:1 Ócáidí rialta neamhfhoirmiúla chun go mbeidh muintir an fhoirgnimh in ann bualadh le chéile.	Cumarsáid a dhéanamh, le páirtithe leasmhara ach go háirithe.
	5.2:2 Tosaíocht a thabhairt do spás oibre feiliúnach a chur ar fáil san íoslach do na mic léinn atá ag freastal ar an Máistir Fealsúnachta.	
	5.2:3 Tosaíocht a thabhairt do mhic léinn taighde atá rannpháirteach i bpobal a chruthú agus atá i gceannas ar roinnt tionscnamh.	
	5.2:4 Tosaíocht a thabhairt do spás oibre a chur ar fáil ar an urlár uachtarach do mhic léinn taighde, do thaighdeoirí iardhoctúireachta agus d'aistritheoirí.	
5.3 Cumas ceannaireachta an Lárionaid a fhorbairt.	5.3:1 Stiúrthóir a cheapadh.	Pleanáil comharbais, don stiúrthóir ach go háirithe.
	5.3:2 Tacaíocht riaracháin a cheapadh don Lárionad/stiúrthóir.	

Spríoc Chumasaithe 2: Inbhuanaitheacht

Sláine fhadtéarmach airgeadais an Lárionaid a chinntiú

Cuspóirí	Gníomhartha / Bealaí chun Rath a Mheas	Rioscaí / Dúshláin
<p>6.1</p> <p>Caidrimh nua a fhorbairt le deontóirí féideartha</p> <ul style="list-style-type: none"> • Coiste tiomsaithe airgid a bhunú. • Taighde a dhéanamh ar liosta d'ionchais féideartha. • Taighde a dhéanamh ar na sonraíochtaí agus coinníollacha éagsúla a bhaineann le hiarratas a dhéanamh leis na fondúireachtaí taighde agus iarratas a dhéanamh ar thacaíocht bhreise. 	<p>6.1:1</p> <p>Áit a choinneáil i bhfeachtas tiomsaithe airgid na hollscoile.</p> <p>6.1:2</p> <p>Maoiniú a fuarthas ó ainmniú an Lárionaid agus/nó ainmniú an tseomra boird agus/nó post an stiúrthóra.</p> <p>6.1:3</p> <p>Maoiniú leanúnach i gcomhair gníomhaíochtaí agus imeachtaí.</p> <p>6.1:4</p> <p>Stiúrthóir agus lucht tacaíochta riaracháin a cheapadh don stiúrthóir/Lárionad.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Stádas tosaíochta a choinneáil don ionad i bhfeachtas tiomsaithe airgid Choláiste na Tríonóide. • Urraitheoirí a aithint. • Cuspóirí daonchairdiúla a bhaint amach. • Caidrimh a chothú agus a chothabháil le lucht ionchais agus le patrúin.
<p>6.2</p> <p>Plean gnó a fhorbairt</p>	<p>6.2:1</p> <p>An leas is fearr a bhaint as an bhfoirgneamh chun deiseanna ioncaim a ghiniúint.</p> <p>6.2:3</p> <p>An leas is fearr a bhaint as gníomhaíochtaí chun deiseanna ioncaim a ghiniúint.</p>	<ul style="list-style-type: none"> • Inbhuanaitheacht airgeadais a dhaingniú. • Cistí teoranta i Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr agus go leor éileamh éagsúil orthu.

Spríoc Chumasaithe 3: Cumarsáid

Straitéis for-rochtana agus meán sóisialta éifeachtach a bhunú

Cuspóirí	Gníomhartha / Bealaí chun Rath a Mheas	Rioscaí / Dúshláin
7.1 Forbairt a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as uirlisí chun gníomhaíochtaí an Lárionaid a léiriú	7.1:1 Nuachtlitir/ríomhíris bhliantúil a chur ar fáil. <hr/> 7.1:2 Líon na ndaoine a bhreathnaíonn ar an láithreán gréasáin a mhéadú. <hr/> 7.1:3 Ár láithreachta ar na meáin shóisialta a mhéadú.	<ul style="list-style-type: none"> • Gan dul ar strae inár misean. • Díriú ar na príomhghníomhaíochtaí. • Cumarsáid a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara.
7.2 Uirlisí éifeachtacha a fhorbairt agus an leas is fearr a bhaint astu chun gníomhaíochtaí an Lárionaid a chur in iúl	7.2:1 Leanúint le bheith nuálach agus le bealaí nua a fhorbairt chun gníomhaíochtaí an Lárionaid a chur os comhair lucht spéise nua/neamhthraidisiúnta (e.g. beoshruthú, podchraoltaí, na meáin shóisialta).	<ul style="list-style-type: none"> • Easpa maoinithe, sainscileanna agus leibhéal foirne. • Cumarsáid a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara.

Teagmháil:

Lárionad Aistriúchán Litríochta agus Cultúr Choláiste na Tríonóide
36 Sráid na bhFíiní
Baile Átha Cliath 2
Éire

Teileafón: +353 1 896 3227
Ríomhphost: littrans@tcd.ie
Suíomh Gréasáin: www.tcd.ie/literary-translation

Lean muid ar Facebook agus Twitter
F: /TCLCTdublin
T: @TCLCTdublin

Comhlaigh

John Banville
Kevin Barry
John Boyne
Marina Carr
Marita Conlon-McKenna
Roddy Doyle
Hugo Hamilton
Marie Heaney
Jennifer Johnston
Declan Kiberd
Derek Landy
Derek Mahon
Eimear McBride
Frank McGuinness
Eiléan Ní Chuilleanáin
Doireann Ní Ghríofa
Edna O'Brien
Siobhán Parkinson
Gabriel Rosenstock
Alan Titley
Frank Wynne

